An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0044/2023**

**Chuig: Príomhoide/Rúnaí Bhord Bainistíochta gach Pobalscoile/Scoile Cuimsithí**

# Athbhreithniú Tuarastal do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023 ("An Comhaontú")

## Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá atá dlite an 1 Deireadh Fómhair 2023

1. Is mian leis an Aire Oideachais údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas faoi na rátaí athbhreithnithe tuarastail agus liúntas do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023 dá bhforáiltear faoi "Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023" arna athbhreithniú.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo na méaduithe pá atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2023 mar a leasú ar an gComhaontú.

## Méaduithe Tuarastail atá le cur chun feidhme faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart

3. Comhaontaíodh coigeartú pá 750 nó 1.5%, cibé acu is mó, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart. Cuirfear an coigeartú sin chun feidhme le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

4. De réir Chuid 3.1 den chomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart, méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi 750 nó 1.5%, cibé acu is mó, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

5. Tá na scálaí tuarastail athbhreithnithe do na baill foirne lena mbaineann leagtha amach in Aguisín 1.

6. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023, glacfaidh téarmaí an Chiorcláin seo áit gach scála tuarastail is iníoctha le Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha.

7. Athbhreithneofar pá na mball foirne páirtaimseartha, de réir gnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá na mball foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críocha pá de réir an Chiorcláin seo.

8. I gcás gráid a bhfuil feidhm ag an gciorclán seo maidir leo, ba cheart íocaíochtaí a bhaineann le ragobair a chuirfidh baill de na gráid sin i gcrích an 1 Deireadh Fómhair 2023 nó ina dhiaidh a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

## Liúntais

9. Foráiltear leis an gComhaontú do mhéaduithe ar liúntais phá freisin, ar méaduithe iad a bheidh cothrom le 750 nó 1.5%, cibé acu is mó, ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Maidir le liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonrach nó mar sciar sonrach den bhunphá, ba cheart iad a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

## Asbhaintí as pá

10. Déanfar asbhaintí as pá a shloinntear mar chéatadán de phá (e.g., pleananna leanúnachas ioncaim, síntiúis cheardchumainn) a athríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá dá bhforáiltear sa litir seo.

## Pinsin atá á n-íoc

11. Comhaontaíodh prionsabal na paireachta pá i méaduithe pinsin do scéimeanna a bhí ann cheana suas go dtí deireadh na bliana 2023 ar aon dul leis an gcomhaontú leasaithe a rinneadh faoin gcomhaontú dar teideal 'Ag Dul Ó Neart go Neart'. Ba cheart méaduithe a chur ar aghaidh chuig pinsin de réir an bheartais sin.

12. Chun treoir bhreise a fháil, nó chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil pinsin atá á n-íoc faoi scéimeanna pinsean atá ann cheana le méadú stairiúil a fháil, féach an treoir atá i gCiorcláin 20/2017, 02/2018, 19/2019, 10/2021, 19/2022 agus 02/2023 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis na ciorcláin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur chuig pensions@per.gov.ie.

13. Déantar pinsin na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') a uasrátáil ar aon dul leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí faoi réir treorach ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Dá bhrí sin, maidir le Scéime Pinsin Aonair atá á n-íoc i leith iarsheirbhísigh phoiblí a d'fhóin ag gráid a bhfuil feidhm ag an gCiorclán seo maidir leo, ní choigeartófar iad trí thagairt do na hathbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach i Rannán 3.

## Scaipeadh agus Ceisteanna

14. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go dtarraingeofar aird na mball foirne uile lena mbaineann ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.

15. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

16. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig sdfinfo@education.gov.ie

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
Airgeadas Scoileanna agus
Bunachar Sonraí

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne
Seachtrach

18 Meán Fómhair 2023

**Aguisín 1:**

**SCÁLAÍ PÁ DO RÚNAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1 Deireadh Fómhair 2023**

**Grád III[1]:**

| Pointe Scála | Ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| **1** | €30,032 | €27,895 |
| **2** | €30,891 | €29,611 |
| **3** | €32,142 | €30,032 |
| **4** | €33,395 | €30,891 |
| **5** | €34,652 | €32,142 |
| **6** | €35,561 | €33,395 |
| **7** | €36,594 | €34,652 |
| **8** | €37,789 | €35,561 |
| **9** | €38,639 | €36,594 |
| **10** | €39,825 | €37,789 |
| **11** | €41,020 | €38,639 |
| **12** | €43,266 | €39,825 |
| **13** | €43,266 | €41,020 |
| **14** | | €43,266 |
| **15** | | €43,266 |
| **Incrimint Fadseirbhíse*** | €44,861 | €44,861 |

***** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*

[1] Cód párolla: G3 & G3NE

**Grád IV[2]:**

| Pointe Scála | Ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023 |
| --- | --- | --- |
| **1** | €35,229 | €32,300 |
| **2** | €37,346 | €34,385 |
| **3** | €39,287 | €35,229 |
| **4** | €40,989 | €37,346 |
| **5** | €42,632 | €39,287 |
| **6** | €44,853 | €40,989 |
| **7** | €46,458 | €42,632 |
| **8** | €48,090 | €44,853 |
| **9** | | €46,458 |
| **10** | | €48,090 |
| **Incrimint Fadseirbhíse 1*** | €49,588 | €49,588 |
| **Incrimint Fadseirbhíse 2**** | €51,101 | €51,101 |

***** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*
****** *tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an gcéad Incrimint Fadseirbhíse*

[2] Cód párolla: G4 & G4NE

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATHA (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH)**

| Feighlí [3] | Ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| **Ar Earcaíocht** | €36,207 | €33,189 |
| **tar éis 6 mhí** | €36,389 | €33,914 |
| **tar éis bliain go leith** | €36,563 | €36,207 |
| **tar éis 2 bhliain go leith** | €36,563 | €36,389 |
| **tar éis 3 bliana go leith** | €36,577 | €36,563 |
| **tar éis 4 bliana go leith** | €36,675 | €36,563 |
| **tar éis 5 bliana go leith** | €36,772 | €36,577 |
| **tar éis 6 bliana go leith** | €36,877 | €36,675 |
| **tar éis 7 mbliana go leith** | €36,977 | €36,772 |
| **tar éis 8 mbliana go leith** | €37,080 | €36,877 |
| **tar éis 9 mbliana go leith** | €37,190 | €36,977 |
| **tar éis 10 mbliana go leith** | €37,300 | €37,080 |
| **tar éis 11 bhliain go leith** | €37,402 | €37,190 |
| **tar éis 12 bhliain go leith** | | €37,300 |
| **tar éis 13 bliana go leith** | | €37,402 |

[3] Cód párolla: MA01 & MA01NE

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH**

| **Freastalaí**[4] | **Ráta ón 01/10/2023** | **Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2023** |
|---|---|---|
| **Ar Earcaíocht** | €35,331 | €32,393 |
| **tar éis 6 mhí** | €35,514 | €33,122 |
| **tar éis bliain go leith** | €35,684 | €35,331 |
| **tar éis 2 bhliain go leith** | €35,783 | €35,514 |
| **tar éis 3 bliana go leith** | €35,884 | €35,684 |
| **tar éis 4 bliana go leith** | €35,979 | €35,783 |
| **tar éis 5 bliana go leith** | €36,080 | €35,884 |
| **tar éis 6 bliana go leith** | €36,180 | €35,979 |
| **tar éis 7 mbliana go leith** | €36,285 | €36,080 |
| **tar éis 8 mbliana go leith** | €36,390 | €36,180 |
| **tar éis 9 mbliana go leith** | €36,498 | €36,285 |
| **tar éis 10 mbliana go leith** | €36,498 | €36,390 |
| **tar éis 11 bhliain go leith** | €36,537 | €36,498 |
| **tar éis 12 bhliain go leith** | | €36,498 |
| **tar éis 13 bliana go leith** | | €36,537 |

[4] Cód párolla: MA07 & MA07NE

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH) (Neamhbhaill na Scéime Pinsin)**

| Feighlí [5] | Ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| Ar Earcaíocht | €36,175 | €33,161 |
| tar éis 6 mhí | €36,359 | €33,886 |
| tar éis bliain go leith | €36,534 | €36,175 |
| tar éis 2 bhliain go leith | €36,534 | €36,359 |
| tar éis 3 bliana go leith | €36,551 | €36,534 |
| tar éis 4 bliana go leith | €36,647 | €36,534 |
| tar éis 5 bliana go leith | €36,744 | €36,551 |
| tar éis 6 bliana go leith | €36,846 | €36,647 |
| tar éis 7 mbliana go leith | €36,948 | €36,744 |
| tar éis 8 mbliana go leith | €37,051 | €36,846 |
| tar éis 9 mbliana go leith | €37,159 | €36,948 |
| tar éis 10 mbliana go leith | €37,268 | €37,051 |
| tar éis 11 bhliain go leith | €37,372 | €37,159 |
| tar éis 12 bhliain go leith | | €37,268 |
| tar éis 13 bliana go leith | | €37,372 |

[5] Cód párolla: MA02 & MA02NE

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (Neamhbhaill na Scéime Pinsin)**

| Freastalaí[6] | Ráta ón 01/03/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023 |
|---|---|---|
| **Ar Earcaíocht** | €35,301 | €32,365 |
| **tar éis 6 mhí** | €35,487 | €33,095 |
| **tar éis bliain go leith** | €35,657 | €35,301 |
| **tar éis 2 bhliain go leith** | €35,753 | €35,487 |
| **tar éis 3 bliana go leith** | €35,854 | €35,657 |
| **tar éis 4 bliana go leith** | €35,953 | €35,753 |
| **tar éis 5 bliana go leith** | €36,049 | €35,854 |
| **tar éis 6 bliana go leith** | €36,154 | €35,953 |
| **tar éis 7 mbliana go leith** | €36,254 | €36,049 |
| **tar éis 8 mbliana go leith** | €36,362 | €36,154 |
| **tar éis 9 mbliana go leith** | €36,467 | €36,254 |
| **tar éis 10 mbliana go leith** | €36,578 | €36,362 |
| **tar éis 11 bhliain go leith** | €36,578 | €36,467 |
| **tar éis 12 bhliain go leith** | | €36,578 |
| **tar éis 13 bliana go leith** | | €36,578 |

[6] Cód párolla: MA08 & MA08NE

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA**
**(Baill den scéim pinsin ranníochach)**

| FEIGHLITHE [7] | Ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| 1 | €34,685 | €31,510 |
| 2 | €34,941 | €32,272 |
| 3 | €35,045 | €34,685 |
| 4 | €35,148 | €34,941 |
| 5 | €35,242 | €35,045 |
| 6 | €35,242 | €35,148 |
| 7 | €35,242 | €35,242 |
| 8 | €35,242 | €35,242 |
| 9 | €35,333 | €35,242 |
| 10 | €35,441 | €35,242 |
| 11 | €35,584 | €35,333 |
| 12 | €35,723 | €35,441 |
| 13 | €35,862 | €35,584 |
| 14 | | €35,723 |
| 15 | | €35,862 |

| | Ón 01/10/2023 |
|---|---|
| Liúntas Airígh Shinsearaigh | €83.71 |
| Liúntas Airígh Shóisearaigh | €32.64 |

| | Ón 01/10/2023 |
|---|---|
| Liúntas Airígh Shinsearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre | €81.11 |
| Liúntas Airígh Shóisearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre | €30.04 |

[7] Cód párolla: MA03 & MA03NE

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA**
**(Neamhbhaill na Scéime Pinsin)**

| OIBRÍ GINEARÁLTA[8] | Ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| 1 | €34,655 | €31,483 |
| 2 | €34,910 | €32,246 |
| 3 | €35,014 | €34,655 |
| 4 | €35,114 | €34,910 |
| 5 | €35,215 | €35,014 |
| 6 | €35,324 | €35,114 |
| 7 | €35,324 | €35,215 |
| 8 | €35,324 | €35,324 |
| 9 | €35,324 | €35,324 |
| 10 | €35,416 | €35,324 |
| 11 | €35,557 | €35,324 |
| 12 | €35,695 | €35,416 |
| 13 | €35,834 | €35,557 |
| 14 | | €35,695 |
| 15 | | €35,834 |

**GLANTÓIRÍ**

| | Ráta ón 01/10/2023 | Iontrálaí Nua Ráta ón 01/10/2023 |
|---|---|---|
| GLANTÓIR - Ráta Páirtaimseartha | €17.36 | €15.92 |

[8] Cód párolla: MA04 & MA04NE